**Clú-Mhilleadh – Antaine Delap**

Clú-Mhilleadh – ráiteas a fhoilsítear faoi dhuine a dhéanann dochar dá dhea-ainm agus a chuireann isteach ar an tuairim atá ag an phobal air.

- 2 chineál

A) Leabhal – buanfhoirm – rud atá scríofa nó craolta ar na meáin-chraolacháin. Is féidir cás bunaithe ar leabhal a thionscnamh gan caillteanas eacnamúil a léiriú.

B) Biadchaint (slander) – neamh-bhuan – ní mór caillteanas airgid a leiriú ach amháin i gcás:

1) Liamhaint ar bhainteacht choirúil
2) Liamhaint ar mí-éifeacht id ghairm
3) Liamhaint go bhfuil galar tógálach ar dhuine
4) Liamhaint go iompar mí-gheanasach nó dróiseach i gcás bean.

Cad is ábhar cló-mhillteach ann – athraíonn sin ó thír go tír agus ó aois go haois – m.sh dá dtabharfaidh "Sóisialach Dearg" ar dhuine sna 1930 - dí bheadh sé chú-mhillteach ach ní dóiche go mbeadh an cás amhlaidh inniu nó dá gcuirfidh páirtíocht i bhfríthghinniúna in aghaidh duine in Éirinn sna 1960 - dí bheadh sé clómhillteach murab ionann agus an liamhaint céanna a chuir in aghaidh duine i Sasain sa tréimhse céanna.

Foilsiúcháin: Caithfear é a fhoilsiú chuig 3ú páirtí – ní féidir cló-mhilleadh a bhunú ar litir chuid an duine féin m.sh. cás Berry v The Irish Times – fóilsíodh griangraif de lucht léirsithe agus manna a iompar acu – bhí foilsiúchan i gceist leis an mhéid sin.

Leath-Thagairtí (innuendo) – má tá chó-mhilleadh iontuigthe óna bhfuil scríofa m.sh. cás Fulham v Associated Newspapers Ltd. D'éirigh le peileadar sacair i gcás gur cuireadh ina leith nár úsáid sé a chos dheas ach ar mhaithe le seasamh uirthi.

Damáisti: Is é Coiste cúirte (Jury) a dhéanann measúnacht ar dhamáistí.

Thig damáistí a mhaolú trí

a) leithscéal gasta a fhoilsiú
b) trína thaispeáint go raibh droch-ainm cheanna ar an ghearánaí
c) trína thaispeáint gur ghríosaigh an ghearránaí an chosantóir
d) trina thaispeáint go bhfuair sé cúiteamh airgid ó fhoinse eile i leith an eachtra céanna.

created using
BCL easyPDF
Printer Driver
Click here to purchase a license to remove this image

<u>Cosaintí</u>

1. bás: titeann an cás le bás an ghearránaí – ní féidir leana chuid daoine muintreacha leannúint leis an chás
2. Fírinne (is leor go mbeadh an scéal fíor ar an mhórgóir)
3. Tráchtaireacht Ionraice ar rud atá i mbéal an phobail
4. Primhléid (a) <u>Iomlán</u> – i gcás tuairisciú a rinneadh ar rud a dúradh i dTithe an Oireachtais nó sa chúirt
   (b) <u>Cáilithe</u> – i gcás tuairisciú a dhéantar m.sh ar imeachtaí i mBinse Fiosrúcháin nó tuairisciú a dhéanann duine i riocht údarásach agus cúraime (m.sh árd-mhaistír scoile ag tuairisciú liamháint ar ionsaí gnéis chuig na Gardai) chomh fada agus a dhéantar é trí dhea-thoil agus gan mailís a bheith i gceist.

Tá freagracht ar dhíoltóirí, dáillitheoirí agus lucht scaipeadh an ábhair i gcás clú-mhilleadh chomh maith.

Moltaí an Choimisiún um Ath-chóirithe Dlí 1991

1. Go ndéanfaidh an tidirdhealú idir leabhal agus biadchaint a chuir ar ceal – agus nár ghá cailliúint airgid a léiriú i gcás biadchaint
2. Go gcuirfidh deireadh leis an fhreagracht atá ar dhíoltóirí, dáillitheoirí 7rl.

Go dtí seo níl éifeacht dhlithiúl tugtha dena moltaí leo.

*Antaine Delap*

created using
BCL easyPDF
Printer Driver
Click here to purchase a license to remove this image